



## Fochoiste Gaeilge /Irish Language Subcommittee

### Miontuairiscí den chruinniú – 6ú Samhain 2020, 2pm

I Láthair: Ray Yeates, An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha, An Comhairleoir Deirdre Heney, Julian de Spáinn

Leithscéalta: An Comhairleoir Hazel de Nortún

Ag glacadh na miontuairiscí: Catherine Neville

#### 1. Toghchán Cathaorligh

Mhol An Comhairleoir Deirdre Heney, An Comhairleoir Mícheál Mac Donncha mar Cathaoirleach agus chuidigh Ray Yeates leis an rún. D'aontaigh Comhairleoir Mac Donncha chun bheith in a Chathaoirleach leis an an moladh go mbeadh an ról ar bhonn uainíochta/sealaíochta.

Toghadh An Comhairleoir Mac Donncha mar Chathaoirleach.

#### 2. Aontú an Chláir

Bhí an clár aontaithe

#### 3. Aontú ar Aidhm an Fhochoiste

Bhí plé ginearálta faoi aidhmeanna an Fhochoiste. Mhol an Cathaoirleach go mba chóir tuairisc a fháil ar chéard atá ar siúl faoi láthair ó thaobh na Gaeilge sa Chomhairle Cathrach.

Mhol an Cathaoirleach go mba chóir go mbeadh an tOifigeach Forbartha Gaeilge (Orla McMorrow) ar an bhfochoiste seo agus aontaíodh go gcuirfeadh an Chathaoirleach chun cinn ar an gcéad cruinniú Choiste Prótacal chun cead a fháil agus labhairfidh Ray le Orla roimh ré.

#### 4. Bunú an Fhochoiste

Bhí plé ginearálta faoin bhallaíocht agus aontaíodh go mba chóir go mbeadh níos mó comhairleoirí ar an bhfochoiste. Aontaíodh go bhfaighfeadh Ray Yeates comhairle ón Oifigeach Forbartha Gaeilge, Orla McMorrow agus Deirdre Ní Raghallaigh, Oifig an Príomhfheidhmeannaigh ar an slí is fearr chun cuireadh a sheoladh amach chuig Comhairleoirí agus grúpaí éagsúla.

Aontaíodh go sheolfadh An Comhairleoir Deirdre Heney agus Julian de Spáinn cúpla abairtí chuig Ray Yeates ar an aidhm.

#### **5. Ról an Fochóiste i gClár Oibre an SPC**

Bhí plé faoi ról an fchoiste i gClár Oibre an SPC agus mhol an Cathaoirleach go gcuireadh an fochóiste tuairisc beag le céile le haghaidh gach cruinniú SPC. Beidh an chéad cruinniú SPC ar siúl ar an 30ú Samhain agus ní mór an tuairisc bheith réidh roimh an 16ú Samhain.

#### **6. Líon Cruinnithe agus dataí**

Aontaíodh go mbeadh an chéad cruinniú eile den Fochóiste ar an 4ú Nollaig ag 2pm agus beidh an clár cruinnithe socraithe ansin.

---

**Micheál Mac Donncha**  
**Chathaoirleach.**